# <u>Gníomhaíocht Daltaí:</u> An Fachtóir Coiteann is Airde agus an tIolraí Coiteann is Lú a Iniúchadh.

**Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'FCA agus ICL', ar CD an Dalta.**

**Nótáil FCA = Fachtóir Coiteann is Airde agus ICL= Iolraí Coiteann (Comhiolraí) is Lú.**

1. Faigh FCA gach péire uimhreacha díobh seo a leanas:

| Uimhir 1 | Uimhir 2 | An Fachtóir Coiteann is Airde |
|---|---|---|
| 6 | 8 | |
| 5 | 10 | |
| 14 | 21 | |
| 22 | 24 | |
| 5 | 30 | |
| 12 | 30 | |
| 12 | 13 | |

2. Faigh ICL gach péire uimhreacha díobh seo a leanas:

| Uimhir 1 | Uimhir 2 | An tIolraí Coiteann is Lú |
|---|---|---|
| 3 | 7 | |
| 5 | 10 | |
| 6 | 8 | |
| 10 | 12 | |
| 4 | 12 | |
| 4 | 13 | |
| 7 | 15 | |

3. Faigh ICL gach péire uimhreacha díobh seo a leanas:

| Uimhir 1 | Uimhir 2 | An tIolraí Coiteann is Lú |
|---|---|---|
| 8 | 15 | |
| 7 | 12 | |
| 6 | 20 | |
| 10 | 17 | |
| 14 | 18 | |
| 14 | 7 | |
| 7 | 14 | |

4. Seiceáil do chuid freagraí ar cheisteanna 1, 2 agus 3 leis an gcomhad idirghníomhach.

   ______________________________________________________________________________

5. Céard dó a sheasann na litreacha FCA agus ICL?

   FCA____________________________________________________________________________

   ICL____________________________________________________________________________

6. Mínigh i do chuid focal féin a bhfuil i gceist le ‘An Fachtóir Coiteann is Airde’.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

7. Mínigh i do chuid focal féin a bhfuil i gceist le ‘An tIolraí Coiteann is Lú’.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

8. Tagann Bus A gach 10 nóiméad, agus tagann Bus B gach 25 nóiméad. Má thagann an dá bhus go dtí stad bus áirithe le chéile ar 8 am, céard é an chéad uair eile a mbeidh an dá bhus sin le chéile ag an stad sin arís? Mínigh mar a bhfuair tú do fhreagra.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

9. Tá dhá theach solais ag béal an chuain. Splancann teach solais amháin gach 8 soicind agus splancann an teach solais eile gach 15 shoicind. Má splanc an dá cheann acu le chéile ag 12 meánoíche, cén uair a splancfaidh siad le chéile arís? Mínigh mar a bhfuair tú do fhreagra.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

10. Trí chloigín: buaileann cloigín A gach 2 shoicind, buaileann cloigín B gach 4 shoicind agus buaileann cloigín C gach 6 shoicind.

    a) Má bhuail na trí chloigín i dteannta a chéile ag meánlae, céard í an chéad uair eile a mbuailfidh siad uile i dteannta a chéile arís ? Mínigh mar a bhfuair tú an freagra sin.

    ________________________________________________________________________

    ________________________________________________________________________

    b) Cé chomh minic, in imeacht uair an chloig, a bhuaileann na trí chloigín i dteannta a chéile?

    ________________________________________________________________________

    ________________________________________________________________________

11. Tá dhá pháirt, páirt A agus páirt B, a bhíonn de dhíth ar mhonarcha chun meaisín áirithe a dhéanamh. I mboscaí ina mbíonn 24 díobh a dhíoltar páirt A, agus is i mboscaí ina mbíonn 18 díobh a dhíoltar páirt B. Cé mhéad meaisín ar cheart don úinéir a chur á ndéanamh, lena chinntiú nach gcuirfear aon cheann de na páirteanna amú?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

12. Imlíne 140 ceintiméadar atá ar roth tosaigh rothar A, agus imlíne 90 ceintiméadar atá ar roth tosaigh rothar B.

    a. Glac leis go dteagmhaíonn pointe áirithe ar roth tosaigh rothar A, agus pointe áirithe ar roth tosaigh rothar B, leis an talamh nuair a imíonn Eoin leis ar a 9 am. Cén fad eile sula dteagmhóidh an dá phointe sin leis an talamh arís, go comhuaineach? Mínigh mar a d'oibrigh tú amach an freagra.

    ______________________________________________________________________

    ______________________________________________________________________

    b. Más é an t-ábhar céanna atá sna boinn, cé acu bonn is faide a mhairfidh? Mínigh mar a d'oibrigh tú amach an freagra.

    ______________________________________________________________________

    ______________________________________________________________________

13. Faigh an FCA i gcás 24 agus 28, agus úsáid é chun an codán $\frac{24}{28}$ a shimpliú.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

14. Ritheann Cian agus Ciarán ar raon ciorclach. 20 nóiméad a thógann sé ar Chian cuairt amháin a rith, agus tógann cuairt amháin 25 nóiméad ar Chiarán. Má thosaigh siad beirt ag rith ón bpointe tosaigh ag an am céanna, cén uair a bheidh an bheirt acu ar ais ag an bpointe tosaigh arís, le chéile? Mínigh mar a tháinig tú ar do fhreagra.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

15. Buaileann Nollaig isteach go dtí Mamó gach 5 lá, agus buaileann a col ceathrar Doireann isteach chuici gach 4 lá. Bhí an bheirt acu ar cuairt ag Mamó an 1ú Márta. Cé mhéad lá sula mbeidh siad beirt ag tabhairt cuairt ar Mhamó arís an lá céanna?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________